Polaitíoċt

Cá Raċaiḋ Fine Gael?

Ní raiḃ mórán faille againn an tseaċtain seo caite, ar caint a ḋéanaṁ faoi an aṫrú a ba ṁó a ṫáinig i gcúrsaí polaitíoċta in Éirinn le tamall mar a ḃí ceann Ḟine Gael, éirí as oifig. Aċ aṁáin tráċt ar an Diolúnaċ é féin, agus an molaḋ a ṫaḃairt dó a ḃí tuillte aige.

Cúpla focal an tseaċtain seo fá'n aṫrú ann féin. Sa ċéad ċás, ṫáinig sé go tobann, cúpla uair taréis muintir Ḟine Gael a ḃeiṫ ag molaḋ Séamas Ó Diolúin mar ábar Taoisig do na cúig bliana seo roṁainn. Níor ċuir sé dallaḋ-mullóg ar éinne, gur dúraḋ gur mar ġeall ar a aois a ḃí ann.

Níl an Diolúnaċ aċ ina ḟear meán aosta, i mbárr a inniṁe agus a éifeaċta agus a ċumais. Tá sé amaideaċ ag éinne a rá gur sean-ḟear gan ṁaiṫ, gan lúṫ gan éirim atá ann. Mar sin de, ní mar ġeall ar sin, a d'éirig sé as oifig, nó a brúaḋ as oifig é.

An dara rud. Is cinnte go ḃféadfaḋ an Diolúnaċ greim do ċoimeáil ar an oifig ar feaḋ tréimhse eile. Ḃí roinnt brú ann, aċ ḃí níos mó dá toil féin ann, nuair a d'éirig sé as. Cad ba ċiall leis?

Mar seo a ḃí. Ḃí an Diolúnaċ mar ionadaí, nó mar treoraí ar an eite leaṫ-ċoiméadaċ de Ḟine Gael. Tá cuimhne againn fós ar an am, insan Ċom-rialtas, ar ḋúirt sé go gcaiṫfeaḋ an Luċt Oibre a ḃeiṫ ċom ciúin le luċóga, agus is cinnte go raiḃ beagán nó mórán den dearcaḋ sin aige i gcónaí. Le dá ḃliain anuas ḃí eite eile den Ṗáirtí ag claonaḋ ar clé, agus an claonaḋ sin ag dul i láidre agus i nirt ó lá go lá. Ba é Deaglán Ó Coistealḃa, ba ċeann ar an eite sin, agus d'éirig leis mórain den Ṗáirtí a ḟáil, le tacaíoċt a ḋéanaṁ leis an ṗlean nua a ḃí aige. Cé naċ raiḃ ann aċ tacaíoċt fá ċoinne cúrsaí feiḋmniṫe an ṗlean, gan aon tacaíoċt fá ċoinne na bunáṫraiṫe airgeadais, a ḋéanfaḋ Páirtí sóisialaċ ar fad de Ḟine Gael. Sin mar ḃí nuair a ṫáinig an togċán, agus cuireaḋ polasaí gan dúśraiṫe airgeadais taoḃ ṫiar de, ós coṁair an ṗobail agus mar adúirt Luċt Ḟianna Fáil, níor éirig leis an pósaḋ gunna, ċor ar biṫ.

Ċuir an stáid sin, eagla agus scannraḋ i ndáiríriḃ ar na sean-ionḋiúiri de Ḟine Gael, leiṫéidí Sweetman agus an Diolúnaċ féin. Tá tuiscint réasúnta maiṫ polaiticiúil acu, agus ċonnaic siad, dá dtéiġeaḋ an Diolúnaċ ar aġaiḋ mar ceann Ḟine Gael ar feaḋ cúig bliana eile, agus Rialtas Ḟianna Fáil a ḃeiṫ istiġ, gurb é an rud a ḃeaḋ ag tárlú, ná go mbeaḋ an eite clé ag dul i nirt ó ṁí go ṁí, agus ó ḃliain go bliain, agus céim agus céimiúlaċt Uí ĊoisteALḃa mar ċeann ar an ġlúin óg clé, ag dul i méid ós coṁair an Ṗáirtí agus ós coṁair an ṗobail, agus faoi ċeann cúig bliana eile, go mbeiḋ sé cinnte go mbeaḋ Deaglán Ó Coistealḃa ina Ċeannaire ar an Ṗáirtí, agus go mbeaḋ aṫrú bunúsaċ ar an Ṗáirtí go dtí Páirtí Soisialaċ, leis an aṫrú ba ġá ar ṗolasaí airgeadais ċom maiṫ. Ba ionann seo, agus Fine Gael a scoilteaḋ ó ḃun go bárr, nó an sean dream coiméadaċ, a ḃunaig Fine Gael agus a ḃí ag déanaṁ tacaíoċt do Ḟine Gael le fada, a brú as ar fad, agus Páirtí nua a ċumaḋ. D'ḟonn agus seo a śeaċaint, measaḋ go gcaiṫfí íobairtí agus aṫraiṫe a ḋéanaṁ, agus b'iad na h-íobairtí a ḃí le déanaṁ nó an Diolúnaċ, agus na h-aṫraiṫe — fear óg a ċur isteaċ a ḃféadfaí árdú céime agus réime, agus aġaiḋ poiblí a ċumaḋ dó, sa gcaoi go mbeaḋ sé mar treoraí an Ṗáirtí insan togċaí, ⁊ naċ ḃféadfaí a ceannasaċt do réabaḋ ag an eite clé.

Ba soiléir gurb é Mac Osgar óg an té sin. Cinneaḋ gurb é anois láiṫreaċ an t-am leis sin a ḋéanaṁ, sula mbeaḋ faill ag an eite clé ullmú ċuige, agus rinneaḋ é go tapaí tobann.

Ní raiḃ an t-eite clé ullaṁ ċuige ċor ar biṫ. B'éigin dóiḃ glacaḋ le Mac Osgar. Is fear lán bealaí é ar aon ċuma, agus fear tuiscíonaċ, agus tá seans go gcoiméadfaiḋ sé an Ṗáirtí le ċéile, cé go mbeiḋ sé deacair teaċt ar réiteaċ do ṗolasaí a ċeanglós an sean dream coiméadaċ, agus ógánaí an eite clé. Measaim féin, go ndéanfaiḋ sé iarraċt ceannas an Ṗáirtí a ṗiocaḋ ,nó an binnse tosaí a ṗiocaḋ as an ċuid is fearr den tsean dream, agus an ċuid is éifeaċtaí de na h-ógánaí.

Tá Donnċaḋa Mac Seoin ann, agus imeasc na ndaoine úra tá L'Estrange agus an dlíodóir óg as Caḃán, Mac Giolla Ṗádraig. Aċ, ba ṁaiṫ liom féin, Annraoí Ó Cionnaiṫ, múinteoir as Dáil-Ċeantar a ḃfuil Gaeltaċt, a ḟeiceáil ann. Tá Pádraig Ó Doṁnaill, ina ḟear an ċumasaċ imeasc an ḃínse tosaig, mar a ḃí le blianta fada anuas, agus is maiṫ é don Ghaeltaċt agus iascaireaċt.

Agus dála an scéil, faoi mar adúirt mé an tseaċtain seo caite, gur ṁiṫid do Liam Mac Osgar, seasaṁ do ġlacaḋ faoi an Ġaeilge, cím gur i nGaeilge a ṁol sé an Diolúnaċ mar ábar Taoisig. San am ċéanna, ba ṁaiṫ linn óráidí níos fuide a ḟeiceáil uaiḋ, agus dearḃú dúinn féin. go ḃfuil cumas labarṫa agus pléite i nGaeilge aige. Ansin, beiḋ muid ag súil le polasaí úr nua aige i leiṫ na Gaeilge.

Aċ, sé an rud is tábaċtaí don togċaí, ná seo — ba é Liam Mac Osgar, an fear a ṫreoraig an eite sin de Ḟine Gael, a ḃí toilteanaċ, agus lán-tsásta glacaḋ leis an ḃóta díreaċ, agus níor buaḋ air insan Ṗáirtí féin, aċ de ṫromlaċ ana ḃeag ar fad. Agus cuid mór dóiḃ sin, ba é an tionċar a ḃí acu le ḃótáil aṁlaiḋ, nó faitíos roiṁe a mbeaṫa poiliticiúil féin.

Is cinnte anois, taréis na h-aṫraiṫe a ṫáinig, go mbeiḋ Liam Mac Osgar, an ḟonnṁar ar teaċt ar réiteaċ do cúrsaí ḃótála, mar, is soiléir dó, agus do ṁórán eile, naċ ḃfuil seans dá laġaḋ ag Fine Gael, a ḃeiṫ mar Rialtas ċoiċe, muna mbíonn an ḃóta díreaċ ann.

Ní ṫabarfaiḋ an Dáilċeantar aon-tsuíoċán le ḃóta ionaistríṫe seans ró ṁaiṫ fá ċoinne Rialtas láidir a ḃunú. Ba é sin tairiscint Fine Gael, aċ, táim go láidir den tuairim, go raċaiḋ Liam Mac Osgar cuid ṁaiṫ níos fuide ná sin, agus go ḃfeicfimid réiteaċ gan aċar ró fada, idir é féin ⁊

Litir Ṡasana

Dónal Mac Aṁlaiḃ

Fostúċán Iomlán

Tá sé tugṫa síos i bpáipéirí Ṡasana an tseaċtain seo go ḃfuil níos mó jobanna ag imeaċt anois ná mar a ḃí riaṁ ċeana. Níl a ḟios agam an ḃfuil creidiúint ar biṫ ag dul don bPáirtí Oibre faoi seo (tá barrúil agam naċ ḃfuil — aċ oiread agus a ḃí creidiúint tuillte ag na Coimeadṫaig ar an áḃar céanna nuair a ḃíodar isn i gcoṁaċt) aċ ar aon nós is maiṫ an rud go ḃfuil an scéal aṁlaiḋ. Tá áit aṁáin sa Ríoċt Aontaiṫe naċ ḃfuil an obair coṁ fairsing sin ann, ápaċ; d'eile d'ḟéadfaí rá naċ ḃfuil leaṫ ḋóṫain oibre ann, agus sin í an tír is giorra ḋúinn féin i stair agus i gcosúlaċt de na tíorṫa seo — Albain tá mé rá. Ċuaig sé i gcion go mór orm féin le seaċtain anuas — laġad sin ḟostúċáin is tá in Albain. Arae tá mé faoi láṫair na huaire ag obair i mBearraic Míleaṫa taoḃ amuig de Northampton, scéim ṁór ḟorbarṫa agus aṫtóigeála, foirgintí dá leagaint as éadan agus cinn nua le cur suas ina n-áit, agus tá deis breá againn ar staidéar a ḋéanaṁ ar ṡaiġdiúirí na Breataine Móire agus iad a ċur i gcomórtas leis na saiġdiúirí a raiḃ aiṫne againn féin orra ṫiar in Éirinn lá de'n saol.

An rud is túisce a ṫaḃarfá faoi deara mar ġeall orra ná a laġad sin Sasanaig agus tá orra. Óra a ṁac go deo tú, Albannaig uilig iad — 'ċuile mac máṫar cé's móite de ċorr - Geordie (an Sasanaig iad sin?) agus corr-ḟear gorm. Rinne mé féin an-iontas uilig ḋe. Ba ċuma cé dtéiġfinn ar fuaid na beairrice, Albannaig a ḃeaḋ róm agus ṫart orm, idir Oifigí, Oifigí Neaṁ-Ċoimisiúnṫa agus Saiġdiúirí Single. Agus nuair a fuaireas caoi le ḋul ag caint leo agus nuair a d'ḟiaraois ḋíoḃ céard a ba ċionntaċ leis an oiread sin díoḃ a ḃeiṫ ann d'inis siad amaċ é gan puinn leisce (ní h-ionanns muintir na hÉireann i gcás mar sin) naċ raiḃ an dara roġa aca: ní féidir a'n obair ḟáil ó ṫuaiḋ de Carlisle.

Sasana Críonna

Ḃí sé de ċáil ar ṁuintir Ṡasana ariaṁ go mba stuama an dream iad i gcúrsaí poiliticíoċta agus dar liom féin gur beag rud is fearr a cruṫaíonn é ná an scéal a ḃeiṫ mar seo ag feara Albain — a ḃeiṫ orra liostáil in Arm Ṡasana (mar is Arm Ṡasana é nuair tá 'ċuile sórt ráite) ceal slí beaṫa ina dtír féin. Gan bréag ar biṫ is feilteaċ go deo an seift é do ṁuintir Ṡasana, cosaint na tíre a ḟágáil ag na hAlbanaig cúns a ḃaineann siad féin tairfe as an bḟlúirse mór oibre; rinne siad ċeana é freisin—ní raiḃ risimint ar biṫ de ċuid Arm Ṡasana ab' ḟearr a troid i gceiṫre cúinní an doṁain ná an Black Watch. Níd naċ íonaḋ b'ḟéidir: ba Gaeil iad bunáiṫe ṡaiġdiúirí na risiminte ċéanna sin agus ar fea fada go leor taréis a bunaiṫe ba í Gaiḋlig na hAlban an teanga a labarṫaí ann. Aċ le filleaḋ ar an lá inniu isé mo ṫuairim féin naċ mbeiḋ lá raṫa go deo ar Albain nó go mbeiḋ Rialtas dá gcuid féin aca —fiú mar tá i gCúige Ulaḋ féin. Ina éagmais sin ní ḃeiḋ i ḃfeara óga na hAlbain aċ aṁuis i seirḃís Ṡasana.

Slán le Dillon

Tá an tUas. (Gráim an Ġaeilge) Ó Diolúin éiriṫe as an saol poiblí le seaċtain nó ḋó anuas agus cuirimís a mbeannaċt gan urċóid leis. Níor ċara ar biṫ don Ġaeilge ná don Ġaeltaċt é cé go mba árd é a ġéim, le tamall anuas, ag maoiṁ go gcaiṫfí an teanga a leaṫnú amaċ ar fud na tíre. Dúirt sé rudaí go leor i gcaiṫeaṁ a ṡaol polaitiúla ar ḋóilig ċuiṁneaṁ anois orra gan cúṫaċ a ṫeaċt ort aċ is dóig go ndéarna sé maiṫ freisin. Dáiríre. ba é a raiḃ de spéis agam féin ann ná ó ṫaoḃ na Gaeilge ḋe agus ḃí sé follasaċ dom naċ gcuirfeaḋ sí mórán imní ar Séamas. Ḃoil, tá Fianna Fáil arai i gcoṁaċt agus cé naċ gcreidi ar fea nóiméad go ḃfuil móra Teaċtaí Dála de ċuid an Ṗáirt sin ann a ċaillfeaḋ codlaḋ n h-oíċe mar ġeall ar an dteang mar sin féin ḃeinn aḃfad é níb ḋóċasaí asta ná mar a ḃeinn a Fine Gael ná an Páirtí Oibr féin á méad é mo ċlaonaḋ ó ná dúr leis. Aċ is fada ó ḃeiṫ a talaṁ slán an Ġaeilge fós agu isé a creidim ná go ligfeaḋ a Rialtas i ndearmaid ar fad í d ḃféadfaí sin a ḋéanaṁ gan iom arca ġleo agus aċrann a tar raingt. Caitfear, mar sin, ḃei leo gan staonaḋ, ag tátaint i ag bagairt agus ag cur ina lu orra go dtig leis an dream sa líonmar úd an ar a dtugta "Luċt na Gaeilge" oiread brú ḋéanaṁ ar an Rialtas le h-aoi dream eile — agus go h-áiṫi orra siúd a ḃíos ag cur a gcos uaṫa faoi Ġaeilge éigeantac 'ċuile lá beo.

Páistí sa nGaeltaċt

Ba ṁaiṫ mar léiríoḋ i bpríon alt an páipéir seo tá cúpl seaċtain ó śoin coṁ neaṁ-éifeac -taċ agus tá sé páistí óga ó nGalltaċt a śeolaḋ siar Ċona mara nó ċuig Gaeltaċt ar bi eile ċun an teanga ḟoġlaim gai a ḋéanaṁ cinnte ḋe go labróit siad an Ġaeilge agus go b'í labarfar leo. Is cuiṁneaċ liom gasúir caṫraċ mar sin a ḟeiceáil ag fánaíoċt ṫart i gCoi Ḟairrige agus iad ag Béarlóireaċt leo gan ḃeann ar éinne. N dá ndéarfainn é, gan aon ḃeann ag éinne orra. Dá mba í an Ġaeilge a ḃí uaṫa ḃeaḋ sé coṁ maiṫ dóiḃ a dul go Raṫ Fearnáin nó Baile Ḟearmaid — ní raiḃ éinne (cé's móite de aon fear aṁáin go ḃfios dom féin) ag tátaint orra Gaeilge a labairt go rialta agus an Béarla a ḟágáil uaṫa.

Ba ḋóilig a rá go mba fearrde a gcuid Gaeilge a gcuairt ar an nGaeltaċt.

Dónall Mac Aṁlaig.

Má Cuilinn

Dé Doṁnaig seo caite, ḃí cluiċe an ṁaiṫ idir Máig Cuilinn agus Naoṁ Columbanus, ag Máig Cuilinn, agus taréis sin, cluiċe sinsearaċ idir Máig Cuilinn agus Coláiste Iolscoile na Gaillimhe. Ag Uaċtar Árd, Dé Doṁnaig seo caite freisin, d'imir na Piarsaig i gcoinniḃ Cill Anainn. Ḃí cluiċe maiṫ ar an gCeaṫrú Rua, idir Uaċtar Árd ⁊ Naoṁ Éinde, i bpeil sóisearaċ.

Ag cruinniú de Coṁairle Co. na Gaillimhe, d'iarr Pádraig Seoige go mbainfí amaċ droċ ċor a ḃí os coinne an íoclainn agus cónaí doċtúra nua, ag Uaċtar Árd. Dúirt an tInnealtóir Condae go raiḃ sé ag súil go mbeiṫfí inann an scéal do réiteaċ ag deireaḋ na bliana seo.

Saoire Náisiúnta

Táṫar ag iarraiḋ anois ar an Rialtas a ḟógrú go mbeaḋ an dáta ar fógraíoḋ Poblaċt 1916 —an 24ú lá do Aibreán, ina lá saoire náisiúnta, feasta.

Lemass, fan córas ḃótála a ḃéas feiliúnaċ don tír seo.

Tá deireaḋ leis na Dáilċeantair móra le trí suíoċáin nó níos mó, agus an 19ú Dáil, cibé uair a ṫiocfaiḋ sé, beiḋ sé tófa ó Ḋáilċeantair suíoċáin aṁáin.

Uair éigin eile, béimíd ag tráċt ar a ṫábaċt seo do na ceantair Gaeltaċta.

FEARFEASA.

Iascaireaċt na Coirbe

"Coiméad ar śiúl ó cearta iascaireaċta na Coiribe'—an raḃaḋ a tugaḋ don rialtas, ag cruinniú bliantúil Bráiṫreaċt na Coiribe, agus an tAṫair Seoirse Ó Cuinn, S.P., Naoṁ Pádraic. Gaillim, stiúrtóir spioradálta na bráiṫreaċta, a ṫug é. Dúirt an tAṫair Ó Cuinn leis an 120 a ḃí i láṫair ag an dinnéar — Tá an Rialtas ag iarraiḋ sceiṫleann Uaċtar Árd a ḃaint dúinn, agus fríd am, is dó go dtaḃarfaiḋ siad iarraiḋ an loċ a ḃaint dúinn. Ba ċeart do iascairí cur i gcoinniḃ dúnaḋ an sceiṫleann. ⁊ ba ċeart díoḃa cur i gcoinniḃ teora ar biṫ a ḃeiṫ le ceart iascaireaċta ar an loċ. Beiḋ turas bliantúil na bráiṫreaċta ar an 20ú lá de Ṁeiṫeaṁ, adúirt Seosaṁ Lardner, agus ba é Pádraic Ó Maolṁíċíl a ċeapaḋ leis an turas a eagrú.

Damáiste do Cabáiste

Do ḃfiú acra cabáiste £1,000. Sin é adúraḋ ag Cúirt in Loċ Riaċ nuair a ḃíoṫar ag cúisiú damáiste do plandaí cabáiste. Gan amras, is maiṫ an t-earra an cabáiste, más féidir £1,000 a ḋéanaṁ ar acra de.

Tairgeaḋ Éisc

Lasmuig de ḃradáin, cuireaḋ luaċ £1,505,000 de iasc i dtír i 1964—árdú de luaċ £91,000 ar 1963. I nGaillim cuireaḋ i dtír luaċ £77,609 (£76,120 i 1963). Ag Cárna £25,699 (£23,190); Cloċán agus Cleagán, £14,377 (£12,149); Oileáin Árainn, £11,933 (£1,345); Leiṫir Mealláin, £10,614 (£6,976).

Na Furbaċa

Ag cruinniú de Ċoṁairle Co. na Gaillimhe d'iarr Bearla Ó Faṫarta go leaṫnófaí scéim uisce Ḃéarna go dtí sráid - ḃailte fá na Forbaċa, gan ṁoill. Dúirt sé naċ raiḃ uisce ólaċán ar biṫ san sráid ḃaile, go dtí tá cúpla bliain ó śin, agus fé láṫair, ḃí cúig nó sé teaġlaċ ag ól as an droċ uisce seo. Dúirt sé gur ċeart go dtaḃarfaí an ċéad áit don ċuid seo insan scéim réagúnaċ. muna ḃféadfaiḋ Bearna do ċeangal leis an scéim sin. Ċaḃraig Fiontan Ó Cuagáin, T.D. le molaḋ an Uasal Ó Faṫarta agus labair Pádraic Ó Ruaḋáin, coṁ maiṫ, ag éileaṁ go mbeaḋ uisce píobáin le fáil. Dúirt Seán Silke, innealtóir cúnṫa condae, naċ raiḃ uisce le fáil anseo agus naċ ḃféadfaí Ċearna a leaṫnú go dtí é, toisc naċ raiḃ leiḃéal an talaṁ feiliúnaċ. Dúirt sé gur fágaḋ amuig as scéim Ċonamara Ṫeas é ar an áḃar naċ raiḃ sé eacnamaiciúil. Aċ go gcuirfí isteaċ arn é anois.

Páirc Uí Ċinnéide

Tiocfaiḋ an Cairdinéil Cushing go Gaillim agus osclóiḋ sé Páirc Uí Ċinnéide, an faiṫċe i gCeapaċ na ḃFiaċ. faoi n-a ainm nua, taréis dó an Árd Teampall i nGaillim a ċoisreacaḋ ar Féile Múire Mór san Ḟómar.

Aonaċ Beag

Ní raiḃ ariaṁ aonaċ ċom beag i nGaillim agus a ḃí an tseaċtain seo caite, agus cé naċ raiḃ aċ beagán eallaċ ar taispeáint, ḃí árdú £5 an ceann le feiscint orṫa.